COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Dé Céadaoin 10ú d'Aibreáin 2019**
**5:00 i.n. – 6.30 i.n.**

Miontuairiscí Aontaithe – Na Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus na Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an gCéadaoin an 10ú d'Áibreáin ag 5.00 i.n.

**I láthair**, bhí Tomás Ó Coistealbha, Seán Ó Tuairisg, Máire Ní Chathasaigh, Pádraig Ó Céarnaigh, Seán Ó Cionnaigh, Caroline Seoighe agus Gearóidín Ní Chonghaile (Rúnaí/Príomhoide).

**Leithscéal** ó Cormac Ó Confhaola agus Marion Uí Chatháin.

1. **Fáilte**
Cuireadh fáilte roimh na baill chuig an gcruinniú. Chuir T. Ó Coistealbha fáilte speisialta roimh ionadaithe ó Chomhairle na nDaltaí.

2. **Comhairle na nDaltaí**
Thug an bheirt dalta cur síos sonrach ar obair an Comhairle i rith an scoilbhliain seo. Thug siad cur síos ar na feachtas agus na polasaithe go raibh siad lárnach iontu. Labhair siad faoi na cúrsaí oiliúna a bhí déanta, an lá Folláine, Imeachtaí Seachtain na Gaeilge, an geansaí scoile, an Plean Treoir agus an Cód Iompair. Mhol T. Ó Coistealbha a ndíograis agus a gcumas labhartha. Thug na baill den Bhord an-mholadh dóibh.

3. **Miontuairiscí**
Mhol S. Ó Cionnaigh le cuidiú ó C. Seoighe go nglacfaí leis na miontuairiscí, agus na miontuairiscí aontaithe do phobal na scoile, a scaipeadh roimh ré.

4. **Ag éirí as na Miontuairiscí**
Ní raibh aon cheo ag éirí astu.

5. **Comhfhreagras**

Mhínigh an Príomhoide go raibh comhfhreagras ón JCT, PDST, a lán comhfhreagras ón Coimisiún na Scrúduithe Stáit, socraithe Réasúnta, ciorclán na Roinne, dáileadh múinteoireacht ón GRETB, agus cás do tuilleadh dáileadh múinteoireachta ón scoil, COGG agus an GRETB. Bhí comhfhreagras dearfach i dtaobh socraithe Réasúnta I dtaobh an Teastas Sóisearach faighte ar ais ag an scoil. Moladh obair an múinteoir tacaíochta as a díograis. Tugadh le fios don Bhord go raibh litir faighte ag an Príomhoide agus an GRETB ó ár SNAin go mbeadh sí ag éirí as a post i Lúnasa 2019. Mhol T. Ó Coistealbha agus S. Ó Cionnaigh obair na gcapall

ár gcúntóir. Bhí an Bord uile den tuairim gur cailliúnt mhór a himeacht ach go mba mhaith leo gach rath a ghuí uirthi ina saol. Bhí plé faoin comhfhreagras idir an Príomhoide agus an SENO faoi leithdháileadh an SNA agus na deacrachtaí le sin.

## 6. Tuairisc ón Rúnaí

### a. Teagasc agus Foghlaim

Bliain 1: Cruinniú Tuistí-Múinteoirí, Ré Ó Laighleis, Blitz Buachaillí, Cúrsa Spioradálta, Vacsainiú, Cruinniú Coiste Glas le Mark Molloy ón gComhairle Contae.

Bliain 2: Blitz Buachaillí, Cúrsa Spioradálta, Cruinniú Tuismitheoirí,

Bliain 3: Réamhscrúduithe, Bricfeasta Francise, Lá Pi, Ré Ó Laighleis, Cruinniú Tuismitheoirí, Cúrsa Spioradálta, Scrúdú Béal Gaeilge, Scrúdú Eacnamaíocht Bhaile, Socruithe Réasúnta ar ais, Cruinniú Coiste Glas le Mark Molloy ón gComhairle Contae.

Bliain 5: Turas Eolaíochta Talmhaíochta, Turas go Páras, Hamlet, Cruinniú Tuismitheoirí, Taithí Oibre, Lá Fraincise.

Bliain 6: Réamhscrúduithe, Cruinniú Tuismitheoirí, Turas Eolaíocht Talmhaíochta, Taighde Tíreolaíochta Ceapach na gCapaill, Bricfeasta Fraincise, Scrúduithe Béal sa Fhraincis, Gaeilge agus Gearmainis

### b. Forbairt Gairmiúil

Rinne G. Ní Chonghaile cúrsa ar Caomhnú Leanaí le Harold Hislop.

D'fhreastal G. Ní Chonghaile ar ETBI Seminar.

Rinne F. Ní Bhruadair cúrsa ar Eolaíocht Talmhaíochta.

### c. Ráthú Caighdeáin

De réir na tuairiscí, tá ardú ar an scoil i dtaobh a áit sna Rangnú Náisiúnta na Scoileanna

### d. Fás agus Forbairt

Tá 15 dhaltaí cláraithe don chéad bhliain seo chugainn go dtí seo.

### e. Infreastruchtúr agus struchtúr

Suimeanna caiteachais don bhliain 2019 don dáta 10ú Aibreán ar an mbuiséad neamhphá ná €18,349.02.

**f. Comhpháirtíoch agus Nascanna**

Bhí an Príomhoide i dteanghmháil le CAMHS, NEPS, an Paróiste, na bunscoileanna áitiúla agus an GRETB

**7. Tuairisc Ó Choiste na dTuistí**

Labhair ionadaí ó Choiste na dTuistí faoi a bpáirt sa Chód Iompair. Bhí plé déanta ar thacaíocht airgid ó ECC Teo don scoil agus don cheantar. Bhí ardmholadh ag dul don tacaíocht leanúnach ó ECC Teo don scoil agus do dhaltaí na scoile i dtaobh airgid agus Printíseachta de. Mhol T. Ó Coistealbha go cuirfear litir buíochas chuig ECC Teo.

**8. Tuairisc ar Chaomhnú Leanaí**

Thug an Príomhoide le fios nach raibh aon ábhair le tuairisciú faoi aon chinn teidil.

**9. Bainistiú Riosca agus Sláinte agus Sábhailteacht**

Tugadh le fios ag an mBord go raibh ionadaí ón GRETB leis an bPríomhoide ag breathnú ar Sláinte agus Sábháilteacht sa scoil agus ón gcuairt seo, socraíodh ar uasdátú a dhéanamh ar an bhfillteán sláinte agus sábháilteacht. Déanamh obair i rith an sos lár-téarma i dtaobh earraí leictreonacha na scoile agus tá fearas garchabhrach uasdátaithe.

**10. An Chód Iompair**

Seolaíodh an dréacht don Chód Iompair nua chuig Baill an Bord ar an 20ú lá de Mhárta. Bhí an dréacht curtha faoi bhráid foireann múinteoirí na scoile, Comhairle na nDaltaí agus Coiste na dTuismitheoirí. Bhí plé ar na athraithe agus mhol M. Ní Chathasaigh go nglacfar leis an gCód le cuidiú ó P. Ó Céarnaigh.

**11. Aon Rud Eile**

Bhí plé déanta ag an mBord faoin éagóir atá á dhéanamh ar scoileanna a feidhmíonn tré Ghaeilge faoi na ETBanna. Faigheann ár scoileanna níos lú deontais in aghaidh an scoláire ná na meánscoileanna. Mhol S. Ó Tuairisg litir ón mBord chuid an Aire. Chuidigh P. Ó Céarnaigh agus S. Ó Cionnaigh leis an moladh.

Mhol T. Ó Coistealbha obair foireann Choláiste Naomh Feichín. Rinne an Príomhoide an moladh a dhéanamh go mbeadh lón ag an mBord le chéile agus go dtabharfar cuireadh chuig an gcúntóir freastal ar an lón agus go ndéanfar bronnadh uirthi.

Chuir T. Ó Coistealbha críoch leis an gcruinniú agus ghuí chuile beannacht ar phobail na scoile agus ar an bhfoireann as ucht a ndúthracht agus a ndíograis.

Ar son na scoile agus foireann na scoile, ghabh G. Ní Chonghaile buíochas as a gcuidiú agus tacaíocht.

Ós rud é nach raibh aon ghnó eile, tháinig deireadh leis an gcruinniú.

Sínithe: Tomás Ó Toirdealbhá
**Cathaoirleach**

Dáta: 29/5/2019